Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7204/20**

**FIN 202**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7145/20 - COM(2020) 172 final |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020 chun cúnamh éigeandála a chur ar fáil do na Ballstáit agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh mar fhreagairt ar ráig COVID-19 |

1. An 2 Aibreán 2020, chuir an Coimisiún ar aghaidh chuig an gComhairle Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020 chun cúnamh éigeandála a chur ar fáil do na Ballstáit agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh mar fhreagairt ar ráig COVID-19.

   Is é is cuspóir don togra seo an maoiniú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020 a fhorlíonadh os cionn uasteorainn cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht) le EUR 714 558 138 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, chun bearta láithreacha a mhaoiniú i gcomhthéacs ráig COVID-19 tar éis ghlacadh dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2020[1].

[1] 7142/20 (COM(2020) 170 final).

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige ar an 6 Aibreán agus bhí sé in ann na hathruithe atá beartaithe a fhormheas.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé le téacs an Chinnidh maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é;

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle[1], go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn lena ghlacadh.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88 I, 24.3.2020, lch. 1).

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCorrlach Teagmhais a shlógadh in 2020 chun cúnamh éigeandála a chur ar fáil do na Ballstáit agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta/rescEU a threisiú a thuilleadh mar fhreagairt ar ráig COVID-19**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[1], agus go háirithe pointe 14 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Bunaíodh le hAirteagal 13 Rialachán (AE, Euratom) Uimh 1311/2013 ón gComhairle[2] Corrlach Teagmhais suas le 0.03 % d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais.

(2) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle, ríomh an Coimisiún dearbhmhéid an Chorrlaigh Teagmhais do 2020.

---

1 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

2 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(3) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar gach féidearthacht airgeadais eile chun freagairt ar chúinsí gan choinne laistigh den uasteorainn ghealltanais 2020 do cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht) den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus ag féachaint don Chorrlach Foriomlán le haghaidh Gealltanas a shlógadh i gcomhair an mhéid iomláin de EUR 2 392 402 163 atá ar fáil in 2020 agus an Ionstraim Sholúbthachta i gcomhair an mhéid iomláin de EUR 1 094 414 188 atá ar fáil in 2020, is gá an Corrlach Teagmhais a shlógadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a eascraíonn ó ráig COVID-19 trí na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a mhéadú i mbuiséad ginearálta an Aontais don bhliain 2020, os cionn uasteorainn cheannteideal 3 CAI.

(4) Ag féachaint don chás an-sonrach sin, tá coinníoll na rogha deiridh a leagtar amach in Airteagal 13(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 comhlíonta.

(5) Tá an cinneadh seo nasctha le maoiniú a áirítear i mbuiséad leasaitheach Uimh. 2 a ghabhann le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain 2020. Chun an comhleanúnachas leis an mbuiséad leasaitheach a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gcás bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2020, déanfar an Corrlach Teagmhais a shlógadh chun an méid de EUR 714 558 138 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a sholáthar os cionn uasteorainn ghealltanais cheannteideal 3 (Slándáil agus Saoránacht) an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil.

*Airteagal 2*

Déanfar an méid iomlán de EUR 714 558 138 dá dtagraítear in Airteagal 1 a fhritháireamh i gcoinne an chorrlaigh faoi uasteorainn ghealltanais na bliana airgeadais 2020 faoi cheannteideal 5 (Riarachán) den chreat airgeadais ilbhliantúil.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón … [dáta a ghlactha]**.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

** *** Dáta le cur isteach ag an bParlaimint roimh fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*